Foirgneamh Nua Scoile

Leibhéal B1

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi fhoirgneamh (*building*) nua atá ag Gaelcholáiste Chiarraí. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
foirgneamh ag freastal …	*situated* *to preserve* *multigender …*

1. Cén cineál scoile atá i gceist le Gaelcholáiste Chiarraí, dar leat?
2. Cén fáth a mbeadh foirgneamh nua ag teastáil ón scoil, dar leat?

   (*beag, sean, seanfhaiseanta, easpa áiseanna*)
3. Déan cur síos ar an scoil/ollscoil a bhfuil (nó, a raibh) tú féin ag freastal uirthi.

   (*Gaelscoil/clochar srl.; líon na ndaltaí/na múinteoirí; foirgneamh nua/seanfhoirgneamh srl.)*
4. Ar mhaith leat foirgneamh nua i do scoil/ollscoil féin? Cén fáth?

B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

1. i ndán do	*a. contemporary*
2. cosain	*b. situated*
3. lonnaithe	*c. promotion*
4. a chaomhnú	*d. first-class*
5. snasta	*e. surrounding area, environs*
6. comhaimseartha	*f. growth, expansion*
7. bolscaireacht	*g. multigender toilets*
8. den chéad scoth	*h. in store for*
9. leithris ilinscneacha	*i. to preserve*
10. borradh	*j. cost*
11. ceantar máguaird	*k. classy, polished*

1.	2.	3.	4.	5.	6.	7.	8.	9.	10.	11.

2. Cén tslí a ndeirtear ‘Gaeilge’ i gcanúint na Mumhan? _____

3. Cad is brí leis an bhfrása - ‘d’fhág mé slán le duine’? _____

4. Tá go leor nathanna cainte ann sa Ghaeilge a bhfuil an focal ‘ceann’ mar chuid díobh. Cuir na cinn seo (a bheidh le cloisteáil sa mhír ar ball) in abairtí lena mbrí a léiriú:

rud a chur chun cinn	
ceann a thógáil do rud	

5. Cén tslí a ndeir tú féin na frásaí thíos? Cén chanúint lena mbaineann na frásaí?

ana-shásta	
ana-thapa	
ana-thacaíocht	

C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

   - Tá sé mar aidhm ag an Aire Oideachais an Ghaeilge _____ sa cheantar.
   - Tá Trá Lí ina bhaile seirbhíse do Ghaeltacht Chorca Dhuibhne agus don _____*. (* = tá séimhiú ar an bhfocal tar éis 'don')
   - Tuairim is 20 milliún euro a _____ an scoil nua.
   - Tá an scoil nua _____ agus _____.
   - Is i dTrá Lí atá an Gaelcholáiste nua _____.
   - Táthar ag súil go dtiocfaidh _____ faoin nGaeilge sa cheantar.
   - Tá acmhainní agus áiseanna _____ sa scoil nua.
   - Tá ré nua _____ don ghaelscolaíocht i dTrá Lí mar tá foirgneamh nua ag Gaelcholáiste Chiarraí.
   - Léirigh tuismitheoirí áirithe imní faoi _____ a bheith sa scoil anuraidh.
   - Tá _____ mhór á déanamh ag an scoil chun daltaí nua a mhealladh.

2. Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

a) Cé mhéad a chosain an foirgneamh nua?
b) Cé mhéad bliain a bhí an Gaelcholáiste sa seanfhoirgneamh?
c) Cé mhéad dalta scoile a bhí ag freastal ar an scoil sa bhliain 1984 agus cé mhéad dalta atá ag freastal ar an scoil anois?
d) **Cén fáth a bhfuil Ruairí Ó Cinnéide an-sásta leis an scoil nua?**
e) **Cad a deirtear sa mhír faoi na leithris ilinscneacha?**
f) Conas a chuideoidh an scoil nua le Trá Lí agus an ceantar máguaird?

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an t-ainm briathartha)

a) Bhí a lán samplaí den ainm briathartha sa mhír. Líon na bearnaí sa tábla leis an ainm briathartha de gach briathar. Féach ar an mír arís le do chuid freagraí a sheiceáil.

Fréamh an bhriathair	An t-ainm briathartha
freastail	*ag freastal*
téigh	
tit	
éirigh	
tar	
bog	

b) Cén t-ainm briathartha atá ag na briathra coitianta seo a leanas. Cuir gach ainm briathartha in abairtí ansin lena mbrí a léiriú

Fréamh an bhriathair	An t-ainm briathartha	Abairtí samplacha
déan	*ag déanamh*	*Tá mé ag déanamh mo dhíchill.*
faigh		
cuir		
scríobh		
ith		
ól		

2: Saibhreas teanga (frásaí ‘ó … go …’)

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na frásaí thíos. Cad is brí leis na frásaí sin? Bainigí úsáid as na frásaí chun abairtí atá fíor faoi bhur saol féin a rá. Mar shampla:

*Tá mo chuid Gaeilge ag dul **ó neart go neart**.*

Frásaí	Míniú
ó thús go deireadh	
ó bhun go barr	
ó dhubh go dubh	
ó la go lá	
ó am go chéile	

E: CUMARSÁID

1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna thíos.

a) Luadh cúpla áis/acmhainn nua sa mhír atá sa Ghaelcholáiste nua i gCiarraí. Samhlaígí go mbeidh scoil nua agaibh féin – cad iad na háiseanna/na hacmhainní nua ba mhaith libh sa scoil nua? Cuirigí leis an liosta thíos:

- ✓ Seomraí ranga nua
- ✓ Seomraí teicneolaíochta
- ✓
- ✓
- ✓
- ✓
- ✓
- ✓
- ✓
- ✓

b) Tá cead agaibh trí cinn de na háiseanna thuas a fháil don scoil. Roghnaígí trí cinn ón liosta agus pléigí na cúiseanna ar roghnaigh sibh na cinn sin le chéile.

c) Cuirigí na smaointe a bhí agaibh i láthair an ranga. An raibh na háiseanna/na hacmhainní céanna ag teastáil ó gach grúpa?

2: Scríobh

Roghnaigh ceann amháin de na háiseanna a phléigh tú faoi Caint thuas agus scríobh alt an-ghearr (7 líne nó mar sin) do leathanach Facebook na scoile, ag míniú cén fáth a mbeadh an áis sin ag teastáil sa scoil.

Is é mo thuairim go bhfuil spórtlann nua ag teastáil go géar sa scoil. Níl ach seomra beag spóirt ann faoi láthair agus ….

AN SCRIPT

Siún Nic Gearailt
Tá ré nua i ndán don ngaelscolaíocht[1] i dTrá Lí agus foirgneamh nua Ghaelcholáiste Chiarraí oscailte go hoifigiúil ag an Aire Oideachais, Norma Foley. Tuairim is 20 milliún euro a chosain an scoil nua, a bheidh ag freastal ar 600 dalta.

Marion O'Flaherty
Anuraidh, d'fhág 320 dalta slán leis an bhfoirgneamh a raibh Gaelcholáiste Chiarraí lonnaithe ann le 34 bliain, le bogadh isteach i bhfoirgneamh nuathógtha na scoile sa Chluain Mór i dTrá Lí. Tá an iar-bhunscoil, atá faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, ag dul ó neart go neart ó shin, agus áit inti do 600 dalta ina iomlán. Inniu, tháinig an tAire Oideachais, Norma Foley, thar n-ais[2] chuig a baile dúchais chun an mheánscoil a oscailt go hoifigiúil.

Norma Foley TD, An tAire Oideachais
In 1984, ní raibh ann ach deichniúr, ach sa lá atá inniu ann, tá os cionn 300 dalta ag freastal ar an scoil seo. Agus, *you know*, tá sé mar aidhm agamsa, mar aire oideachais, tá sé mar aidhm ag an Roinn freisin, gach tacaíocht a thabhairt chun an Ghaolainn, is dócha, ar an gcéad dul síos, a chaomhnú agus an Ghaolainn a chur chun cinn. Agus is léir dúinne go bhfuil sé sin ag titim amach anseo.

Marion O'Flaherty
Tá an foirgneamh snasta, comhaimseartha scoile suite ar shé acra agus chosain sí tuairim is 20 milliún euro.

Ruairí Ó Cinnéide, Príomhoide Ghaelcholáiste Chiarraí
Tá ag éirí go hiontach linn i dtaobh bolscaireachta agus daltaí a mhealladh isteach. Tá 330 dalta againn faoi láthair agus is cosúil go mbeidh fás ag teacht air sin arís an bhliain seo chugainn. Táimid ana-shásta[3] leis na háiseanna iontacha atá againn anseo – na seomraí ranga, tá 34 seomra ranga, acmhainní den chéad scoth i dtaobh seomraí teicneolaíochta agus araile.

Marion O'Flaherty
Léirigh tuismitheoirí áirithe imní faoi leithris ilinscneacha a bheidh sa scoil anuraidh, ach tá tuismitheoirí lánsásta anois leis an tslí a bhfuil cúrsaí ann faoi láthair.

Ruairí Ó Cinnéide, Príomhoide Ghaelcholáiste Chiarraí
Shocraigh rudaí síos ana-thapa ansin. Níor thóg na daltaí aon cheann dó agus tháinig tuismitheoirí taobh thiar de cheannaireacht na scoile agus tugadh ana-thacaíocht dúinn. *So,* tá sé sin ag bogadh ar aghaidh agus níl aon rud faoi a thuilleadh.

Marion O'Flaherty
Táthar ag súil go dtiocfaidh borradh faoin teanga anois i dTrá Lí, atá ina bhaile seirbhíse Gaeltachta do Leithinis agus do Ghaeltacht Chorca Dhuibhne, agus don cheantar máguaird.

Marion O'Flaherty, Nuacht TG4 i dTrá Lí.

---

[1] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.
[2] Thar n-ais = leagan canúnach de 'ar ais'
[3] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, **ana-** seachas **an-** a bhíonn sa chaint agus cuirtear séimhiú ar chonsain tar éis **ana-** i gcónaí.

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós, de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

B: FOCLÓIR

1. Féach:

i ndán do	*in store for*
cosain	*cost*
lonnaithe	*situated*
a chaomhnú	*to preserve*
snasta	*classy, polished*
comhaimseartha	*contemporary*
bolscaireacht	*promotion*
den chéad scoth	*first-class*
leithris ilinscneacha	*multigender toilets*
borradh	*growth, expansion*
ceantar máguaird	*surrounding area, environs*

1.	2.	3.	4.	5.	6.	7.	8.	9.	10.	11.
h	j	b	i	k	a	c	d	g	f	e

2. Gaolainn.
3. To say goodbye to someone; to part ways.
4. Rud a chur chun cinn: Cuideoidh an scoil nua leis an nGaeilge a chur chun cinn.
   Ceann a thógáil do rud: Dúradh liom gan aon cheann a thógáil do chaint na ndaltaí eile.
5. An-sásta, an-tapa, an-tacaíocht.

C: TUISCINT

1. Féach:

- Tá sé mar aidhm ag an Aire Oideachais an Ghaeilge **a chaomhnú** sa cheantar.
- Tá Trá Lí ina bhaile seirbhíse do Ghaeltacht Chorca Dhuibhne agus don **cheantar máguaird**.
- Tuairim is 20 milliún euro a **chosain** an scoil nua.
- Tá an scoil nua **snasta** agus **comhaimseartha**.
- Is i dTrá Lí atá an Gaelcholáiste nua **lonnaithe**.
- Táthar ag súil go dtiocfaidh **borradh** faoin nGaeilge sa cheantar.
- Tá acmhainní **den chéad scoth** sa scoil nua.
- Tá ré nua **i ndán** don ghaelscolaíocht i dTrá Lí mar tá foirgneamh nua ag Gaelcholáiste Chiarraí.
- Léirigh tuismitheoirí áirithe imní faoi **leithris ilinscneacha** a bheith sa scoil anuraidh.
- Tá **bolscaireacht** mhór á déanamh ag an scoil chun daltaí nua a mhealladh.

2. Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an t-ainm briathartha)

a) Féach:

Fréamh an bhriathair	An t-ainm briathartha
freastail	ag freastal
téigh	ag dul
tit	ag titim
éirigh	ag éirí
tar	ag teacht
bog	ag bogadh

b) Féach:

Fréamh an bhriathair	An t-ainm briathartha	Abairtí samplacha
déan	*ag déanamh*	*Tá mé ag déanamh mo dhíchill.*
faigh	ag fáil	Bíonn sé i gcónaí ag fáil locht ar rudaí.
cuir	ag cur	Cé atá ag cur na litreacha sa phost?
scríobh	ag scríobh	Táimid ag scríobh aiste faoi láthair.
ith	ag ithe	Tá Daid ag ithe dinnéir faoi láthair.
ól	ag ól	Is maith liom a bheith ag ól bainne.

2: Saibhreas teanga (frásaí ‘ó … go …’)

Féach:

Frásaí	Míniú
ó thús go deireadh	*from beginning to end*
ó bhun go barr	*all-over*
ó dhubh go dubh	*from morning to night, all day long*
ó la go lá	*from day to day*
ó am go chéile	*from time to time*

E: CUMARSÁID

1: Scríobh

Tabhair deis do na foghlaimeoirí cur leis an liosta de na háiseanna nua sa scoil agus plé a dhéanamh ar na háiseanna is mó ba mhaith leo sa scoil. Iarr orthu ansin a gcuid smaointe a roinnt leis an rang iomlán.

2: Caint

Iarr orthu alt gearr a scríobh, ag déanamh cur síos ar an áis nua ba mhaith leo agus an chúis go mbeadh an áis sin go maith sa scoil.

Curtha ar fáil ag

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4